www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Centre Number

Candidate Number

General Certificate of Secondary Education
2014

# Irish

## Unit 4: Reading

## Higher Tier

**[GIR42]**

*GIR42*

**WEDNESDAY 11 JUNE, MORNING**

**TIME**

50 minutes.

**INSTRUCTIONS TO CANDIDATES**

Write your Centre Number and Candidate Number in the spaces provided at the top of this page.
Write your answers in the spaces provided in this question paper.
Complete in blue or black ink only. **Do not write in pencil or with a gel pen.**
Answer **all nine** questions.

**INFORMATION FOR CANDIDATES**

The total mark for this paper is 40.
Figures in brackets printed down the right-hand side of pages indicate the marks awarded to each question or part question.
Use of a dictionary is **not** permitted.

8620.05 **R**

www.xtrapapers.com

**1** Léigh an fógra seo.

**Rialacha an tSeomra Ranga**

1 Labhair Gaeilge leis an mhúinteoir i gcónaí.

2 Labhair Gaeilge leis na scoláirí eile sa seomra.

3 Bí in am don rang gach lá.

4 Cuir do mhála scoile faoin deasc.

5 Scríobh an obair baile sa dialann scoile.

6 Ná caith bruscar sa seomra.

7 Níl cead guma a bheith sa seomra.

8 Níl cead bia a bheith sa seomra.

9 Níl cead deoch a bheith sa seomra.

10 Ná scríobh ar an deasc.


Cuir an uimhir cheart le gach pictiúr. Tá sampla déanta duit.

**Sampla:**





1


**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**




[4]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |
| Total Question 1 | |
| | |

www.xtrapapers.com

**2** Léigh an fógra seo.



© Rafal Stachura / iStock / Thinkstock, © dies-irae / iStock/ Thinkstock, © RobertMayne / iStock / Thinkstock and © trattieritratti / iStock / Thinkstock

## Saoire ar chósta Aontroma

Caith tamall ar chósta Aontroma i mí Iúil nó i mí Lúnasa.
Neart le déanamh agus le feiceáil.

| | |
|---|---|
| **Radhairc** | Tránna gallánta<br>Coillte<br>Gleannta Aontroma<br>An Droichead Rópa |
| **Imeachtaí** | Snámh<br>Bádóireacht<br>Iascaireacht<br>Siúlóidí |
| **Lóistín** | Óstáin<br>Tithe lóistín<br>Tithe ar cíos<br>Ionad Campála |

Lacáiste do pháistí faoi 10 mbliana.

www.xtrapapers.com

Cuir tic (✓) sna boscaí cearta.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(a)** Tá cuid mhaith le déanamh ar chósta Aontroma ...

**(i)** sa gheimhreadh. ☐

**(ii)** san earrach. ☐

**(iii)** sa samhradh. ☐ [1]

**(b)** Má théann tú ar saoire go cósta Aontroma is féidir leat ...

**(i)** ranganna ealaíne a dhéanamh. ☐

**(ii)** cúrsa cócaireachta a dhéanamh. ☐

**(iii)** spóirt uisce a dhéanamh. ☐ [1]

**(c)** Is féidir le turasóir fanacht ...

**(i)** i mbrú óige. ☐

**(ii)** i bpuball. ☐

**(iii)** i gcoláiste samhraidh. ☐ [1]

**(d)** Tá praghas speisialta ann ...

**(i)** do dhéagóirí. ☐

**(ii)** do dhaoine óga. ☐

**(iii)** do ghrúpaí. ☐ [1]

Total Question 2

www.xtrapapers.com

**3** Léigh an ríomhphost.

| | |
|---|---|
| Ó | Conall Ó Broin conallobroin@gmail.com |
| Chuig | Máire Ní Dhochartaigh mairenidhochartaigh@hotmail.com |

An Aoine 25 Iúil 2014

A Mháire,

Tá mé ag scríobh an r-phost seo in óstán i nGaoth Dobhair. Tá mé ag amharc amach ar na hoileáin agus ar an fharraige. Tá an radharc agus an aimsir go hálainn. Bhí sé ag cur fearthainne go trom ar maidin nuair a d'fhág muid Béal Feirste.

Tá mé anseo le mo dheirfiúr, Úna agus le mo thuismitheoirí agus beidh muid ag stopadh go ceann cúpla lá. Tá mo dhearthair, Seán ag freastal ar an choláiste Gaeilge. Beidh na scoláirí ag dul abhaile amárach. Beidh Seán ag dul abhaile linn Dé Domhnaigh. Beidh céilí mór sa choláiste anocht agus beidh mé féin agus mo dheirfiúr ag dul ann.

Feicfidh mé thú i mBéal Feirste Dé Luain ag an chlub leadóige.

Gach beannacht,

Conall

www.xtrapapers.com

Críochnaigh na habairtí. Bain úsáid as na frásaí sa bhosca thíos.
Tá sampla déanta duit.

**Sampla:**

Tá Conall ag stopadh ____in óstán____ .

(a) Tá an t-óstán suite ______________________ . [1]

(b) Bhí an aimsir i mBéal Feirste ______________________ . [1]

(c) Beidh na scoláirí ag dul abhaile ______________________ . [1]

(d) Beidh Conall agus Úna ag dul ______________________ . [1]

| |
|---|
| i mBéal Feirste |
| ar an chósta |
| go dtí an tsólann |
| Dé Luain |
| go dtí an céilí |
| go dona |
| iontach deas |
| ag imirt leadóige |
| Dé Sathairn |
| ~~in óstán~~ |

| Examiner Only Marks | Remark |
|---|---|
| Total Question 3 | |

www.xtrapapers.com

**4** Léigh an fógra seo.



## Ionad athchúrsála Chomhairle Contae Dhún na nGall

- Suite sa charrchlós in aice leis an ollmhargadh i Machaire Mór.
- Seirbhís saor in aisce.
- Oscailte An Luan – An Satharn 8.00 am – 6.00 pm; An Domhnach 9.00 am – 1.00 pm.
- Fág ábhar plaisteach, éadaí, troscán, earraí leictreacha, ola, péint, bruscar gairdín agus gach cineál buidéal.

Tuilleadh eolais: cuir scairt ar an Chomhairle ag 074-914200 nó cuir ríomhphost chuig: comhairle@dunnangall.ie

www.xtrapapers.com

Cuir líne faoi **cheithre** ráiteas atá fíor. Tá sampla déanta duit.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**Sampla:**

Tá an t-ionad athchúrsála i Machaire Mór.

**(a)** Tá an t-ionad athchúrsála taobh le siopa mór.

**(b)** Níl cead bruscar gairdín a fhágáil ag an ionad.

**(c)** Níl cead seanrudaí a fhágáil san ionad seo.

**(d)** Druideann an t-ionad go luath Dé Domhnaigh.

**(e)** Ní féidir leat labhairt leis an Chomhairle ar an ghuthán.

**(f)** Ní ghlacann an t-ionad tháblaí ná cathaoireacha.

**(g)** Tá cead teilifíseáin a fhágáil ag an ionad.

**(h)** Druideann an t-ionad ar 9.00 pm ar an Satharn.

**(i)** Níl táille ar an tseirbhís athchúrsála.

[4]


Total Question 4

www.xtrapapers.com

**5** Léigh an fógra seo.



**SIOPADÓIREACHT NA NOLLAG i nDOIRE!**




Caith lá sa chathair roimh an Nollaig.

Siopaí ar oscailt seacht lá sa tseachtain ó 9.00 am.

Tabhair cuairt ar Foyleside, an lárionad siopadóireachta i lár na cathrach. Tá gach rud faoi aon díon amháin agus tá rogha fhairsing siopaí ann.

Páirceáil saor in aisce ó 9.00 am – 5.00 pm gach lá.



www.xtrapapers.com

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(a)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Bíonn na siopaí i nDoire ar oscailt gach lá. ☐

**(ii)** Ní bhíonn na siopaí i nDoire ar oscailt ar an Satharn. ☐

**(iii)** Ní bhíonn na siopaí i nDoire ar oscailt ar an Domhnach. ☐ [1]

**(b)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Tá na siopaí uilig i Foyleside taobh istigh. ☐

**(ii)** Tá cuid de na siopaí i Foyleside taobh amuigh. ☐

**(iii)** Níl siopa ar bith i Foyleside taobh istigh. ☐ [1]

**(c)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Níl a lán siopaí i Foyleside. ☐

**(ii)** Níl ach siopaí éadaigh i Foyleside. ☐

**(iii)** Tá siopaí de gach sórt i Foyleside. ☐ [1]

**(d)** Cuir tic (✓) sa bhosca cheart.

**(i)** Bíonn an pháirceáil iontach costasach ag an deireadh seachtaine i nDoire. ☐

**(ii)** Níl páirceáil ar fáil i nDoire. ☐

**(iii)** Ní bhíonn an pháirceáil costasach i nDoire. ☐ [1]


| Total Question 5 | |
|---|---|
| | |

**[Turn over**

www.xtrapapers.com

**6** Léigh na torthaí ó shuirbhé faoin deireadh seachtaine.

**Seo mar a chaitheann daoine óga an deireadh seachtaine.**




Cuir an litir cheart i ngach bosca leis an abairt a chríochnú.

**(a)** Is maith leis an chuid is mó de dhaoine óga… ☐

**(b)** Tá suim ag trí faoin chéad de dhaoine óga… ☐

**(c)** Is maith le deich faoin chéad de dhaoine óga… ☐

**(d)** Is maith leis an chuid is lú de dhaoine óga … ☐ [4]

**A** … cuidiú sa teach.

**B** … sa léitheoireacht.

**C** ... ag déanamh obair scoile.

**D** … labhairt lena gcairde ar an Idirlíon.

**E** … rudaí a cheannach.


| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |
| Total Question 6 | |
| | |

www.xtrapapers.com

**7** Read the newspaper article below.

Ólann barraíocht daoine óga alcól. Is fadhb mhór é an t-ólachán faoi aois go háirithe ag an deireadh seachtaine.

Tá fadhb an ólacháin faoi aois go holc agus deir na péas go bhfuil an fhadhb ag éirí níos measa bliain i ndiaidh bliana. Bíonn imní ar thuismitheoirí faoin fhadhb seo. Déanfaidh na daoine óga a ólann barraíocht damáiste dá sláinte.



| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |
| Total Question 7 | |
| | |

Answer the following questions **in English**.

**(a)** What problem do many young people have?

______________________________ [1]

**(b)** When in particular does this problem occur?

______________________________ [1]

**(c)** How do parents feel about this problem?

______________________________ [1]

**(d)** What is the consequence of this problem for young people?

______________________________ [1]

**[Turn over**

www.xtrapapers.com

**8** Read the letter below.

*Inis Ceithleann,*
*4 Aibreán 2014*

*A chara,*

*Fuair mé post páirtaimseartha sa gharáiste áitiúil an mhí seo caite. Tá mé iontach sásta mar ní bhíonn go leor airgid agam agus is mór an gar é mar sin. Bím ag obair gach Satharn óna naoi a chlog go dtí a sé tráthnóna agus arís ar an Domhnach óna cúig a chlog go dtí a haon déag san oíche.*

*Faighim seacht bpunt caoga pingin in aghaidh na huaire agus sílim go bhfuil sé sin maith go leor. Faigheann mo chara ocht bpunt san uair san ollmhargadh mar tá sí níos sine ná mé.*

*Nuair a fuair mé mo chéad phá cheannaigh mé éadaí úra agus chuir mé airgead ar mo ghuthán póca. Gach mí cuirim an leathchuid den airgead i dtaisce mar ba mhaith liom dul ar saoire le mo chairde. Beidh thart faoi ocht gcéad punt de dhíth orm.*

*Ní maith liom bheith ag obair san oíche mar, an chuid is mó den am, bím liom féin sa gharáiste agus éirím uaigneach agus in amanna neirbhíseach. Chomh maith leis sin, bím iontach tuirseach ag éirí don scoil an mhaidin dár gcionn.*

*Cuir scéala chugam faoi do phost féin.*

*Do chara,*

*Eimear*

www.xtrapapers.com

Answer the following questions **in English**.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(a)** Why is Eimear happy to have a part-time job?

______________________________________________ [1]

**(b)** Why does Eimear's friend get paid more than her?

______________________________________________ [1]

**(c)** Why does Eimear save half her pay each month?

______________________________________________ [1]

**(d)** Give one reason why Eimear isn't happy working at night.

______________________________________________ [1]

| Total Question 8 | |
|---|---|
| | |

**[Turn over**

www.xtrapapers.com

**9** Read Liam's blog entry.

**13 Feabhra 2014**

**Blag Liam**

Seo mo scéal, a chairde…

Thosaigh mé a ghlacadh drugaí nuair a bhí mé cúig bliana déag d'aois. Ní raibh fadhb agam ag an tús, ach d'éirigh rudaí go holc go gasta. Thosaigh mé a ghoid airgid ó mo thuismitheoirí. I ndiaidh tamaill bhí mé ag robáil tithe sa cheantar.

Chonaic mo thuismitheoirí difear mór ag teacht orm. Mhothaigh siad nach raibh mé ag ithe ná ag codladh mar ba cheart. Ar scoil d'éirigh mé trodach le mo mhúinteoirí agus tostach le mo chairde. Fuair mo thuismitheoirí cuidiú dom ó chomhairleoir ach bhí sé rómhall mar bhí mé gafa leis na drugaí faoin am sin. Chaith mé bliain go leith i mo luí ar shráideanna Bhéal Feirste san oíche.

Ina dhiaidh sin fuair mé leaba sa Bhrú i lár na cathrach. Ansin bhuail mé le daoine cairdiúla a thug cuidiú dom agus faoi dheireadh d'éirigh mé as na drugaí. Fuair mé post ag tabhairt tacaíochta do dhaoine gan dídean.

Tá mé ag scríobh an bhlag seo inniu mar tá bliain iomlán thart inniu ó ghlac mé drugaí don uair dheireanach.

www.xtrapapers.com

Answer the following questions **in English**.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(a)** What age was Liam when he started taking drugs?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Mention **one** way Liam got money to feed his habit.

_______________________________________________ [1]

**(c)** State **one** change in Liam which his parents noticed.

_______________________________________________ [1]

**(d)** State **one** way Liam's behaviour in school changed.

_______________________________________________ [1]

**(e)** How did Liam's parents try to help him?

_______________________________________________ [1]

**(f)** Where in Belfast did Liam spend eighteen months?

_______________________________________________ [1]

**(g)** In what way did Liam's life change after he stopped taking drugs?

_______________________________________________ [1]

**(h)** What is the significance of the date of Liam's blog entry?

_______________________________________________ [1]

| Total Question 9 | |
|---|---|
| | |

**THIS IS THE END OF THE QUESTION PAPER**

www.xtrapapers.com

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

www.xtrapapers.com

DO NOT WRITE ON THIS PAGE

www.xtrapapers.com

**DO NOT WRITE ON THIS PAGE**

| For Examiner's use only | |
|---|---|
| Question Number | Marks |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |

| Total Marks | |
|---|---|

Examiner Number

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.